C/2026/3347

19.6.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Meitheamh 2026

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta thar ceann na Sualainne

(C/2026/3347)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta ([1]), agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 10 Deireadh Fómhair 2025 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse ón 20 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2030.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Isabella SELLING a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag an tSualainn don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Mari HUUPPONEN ina comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Isabella SELLING, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2030.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 16 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

N. CHARALAMBIDES

([1]) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta (IO C, C/2025/5609, 15.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5609/oj).